Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2024/5492

23.9.2024

**Iarraidh ar réamhrialú ó Visoki trgovački sud Republike Hrvatske (an Chróit) a taisceadh an 16 Bealtaine 2024 – Freistaat Bayern v Euroherc osiguranje d.d.**

**(Cás C-357/24, Freistaat Bayern)**

(C/2024/5492)

*Teanga an cháis: an Chróitis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Visoki trgovački sud Republike Hrvatske

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Freistaat Bayern

*Cosantóir:* Euroherc osiguranje d.d.

**An cheist a tharchuirtear:**

An bhfuil Airteagal 85(1) de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhordú córas slándála sóisialta ([1]) le léiriú sa chaoi, chun go bhféadfaidh fostóir, mar an institiúid a bhfuil sé d'oibleagáid uirthi sochair a íoc, éileamh ar shochair bhreoiteachta a íocadh le fostaí a aisghabháil a bheith aige i ngeall ar ghortú a tharla ar chríoch Ballstáit eile i gcoinne tríú páirtí atá faoi dhliteanas cúiteamh a sholáthar i leith na díobhála nó i gcoinne a árachóra dliteanais shibhialta, gur gá bunús dlí a bheith ann chun cúiteamh den sórt sin a éileamh sa Bhallstát inar tharla an díobháil?

---

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhordú córas slándála sóisialta (IO 2004 L 166, lch. 1).